

## Pointí Machnaimh agus Bileog Leideanna do dhaltáí na 6ú bliana don Samhradh 2020

**A dhalta na 6ú bliana, a chara,** sa doiciméad seo\* leagtar amach roinnt pointí machnaimh agus seicliosta de ‘leideanna’ don rang 2020 agus tú ag ullmhú chun deireadh a chur le d’oideachas iar-bhunscoile agus bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i do shaol.

\*Scríobhadh an doiciméad seo i mBealtaine 2020 agus dáileadh ar dhaltáí é ag an am sin. Bhí gach eolas ann ceart agus cothram le dáta nuair a scríobhadh é. É sin ráite, táimid ag dul trí athruithe móra go han-tapaidh ag an am seo maidir le soláthar faisnéise, agus moltar duit tú féin a choimeád suas chun dáta leis na suíomhanna gréasáin oifigiúla.

<b>Teagmháil le do Threoirchomhairleoir</b>	<b>Téigh i dteagmháil le do Threoirchomhairleoir má tá aon cheist nó fadhb agat ag an am seo.</b>  Tá an Treoirchomhairleoir ar fáil suas go dtí 29 Bealtaine ar ríomhphost agus ar an nguthán chun tacú le daltaí na 6ú bliana má tá ceistanna acu a bhaineann le cúrsaí gairmthreorach (sóisialta, pearsanta, oideachais, agus gairme). <b>Ní bheidh sí ábalta</b> , áfach, gráid ríofa a phlé le daltaí. Beidh sí ar fáil freisin lá na dtorthaí agus lá na dtairiscintí ón CAO.  <a href="#">Click or tap here to enter text.</a>
<b>Aistriú</b>	<b>Aire: D’fhéadfadh aistriú mór a bheith an-spreagúil, cosúil le slán a fhágáil leis an iar-bhunscoil don chéad chéim eile ar thuras an tsaoil. Ach d’fhéadfadh freisin inní nó brón a bheith ag gabháil leis.</b>  Is rud suntasach é an t-aistriú ón oideachas iar-bhunscoile go dtí an chéad chéim eile. Fiú i mbliain ‘normálta’, bíonn dúshlán ag baint leis. Do dhaltáí na 6ú bliana reatha, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agaibh gurb annamh a bhíonn an saol foirfe. Is minic a bhaineann deacrachtaí leis an aistriú i gcoitinne. Ní haon eisceacht í an bhliain seo. Cabhróidh sé leat agus tú ag aistriú go dtí an chéad chéim eile má lorgaíonn tú cabhair agus eolas nuair a bhraitheann tú go bhfuil gá leis.  Is féidir leat tacaíocht a iarradh ó do scoil sa réimse seo go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Má tá breis tacaíochta ag teastáil uait, is féidir leat an nasc thíos a sheiceáil le haghaidh eolais maidir le folláine agus acmhainní: <a href="https://www.gov.ie/en/publication/256911-leaving-cert-2020-practical-supports/">https://www.gov.ie/en/publication/256911-leaving-cert-2020-practical-supports/</a>
<b>Gráid Ríofa</b>	<b>Déan iarracht gan a bheith buartha faoin bpróiseas seo. Glac leis gurb é seo an próiseas atá ann anois. Tairgfear grad ríofa duit i mí Lúnasa agus ansin beidh rogha agat maidir leis an gcéad rud eile atá le déanamh. Seo mar a</b>

	<p><b>bhíonn do gach dalta sa 6ú bliain ag an bpointe seo ina dturas féin.</b></p> <p>Ag an bpointe seo, ní féidir leat aon rud a dhéanamh maidir leis an ngrád ríofa a thairgfear duit. Glac leis gurb é seo an próiseas atá ann anois: tairgfear grad ríofa duit. Déanfar an grád seo a ríomh tar éis dul trí roinnt próiseas agus seiceálacha. Beidh rogha agat maidir le glacadh leis an ngrád ríofa, achomharc a dhéanamh, nó scrúduithe na hArdteistiméireachta a shuí. Is féidir an rogha seo a dhéanamh nuair a bheidh na gráid ríofa (agus do thairiscint ón CAO) agat.</p> <p>Cuimhnigh nach bhfuil a fhios againn cad iad na pointí CAO a bheidh ann do chúrsaí i mbliana – déanta na fírinne, ní bhíonn a fhios againn riamh i ndáiríre conas a bheidh na pointí CAO. In aon bhliain áirithe, ní bhíonn a fhios againn cad iad na pointí a bheidh riachtanach le haghaidh cúrsa ar bith go dtí go dtagann na tairiscintí amach. Seans go n-oibreoidh gach rud amach go breá duit! Mura n-oibríonn rudaí amach duit mar a bhí tú ag súil leis, beidh roghanna eile agat.</p> <p>Go ceann tamaill eile, tá sé tábhachtach nach mbeidh tú buartha faoi na gráid ríofa (agus na pointí CAO le haghaidh cúrsaí). Níl smacht agat ar na próisis seo.</p>
<p><b>Próiseas CAO</b></p>	<p><b>Bí cinnte go bhfuil do CAO in ord agus in eagar! Cabhróidh sé seo leat chun go mbeidh roinnt roghanna agat i mí Lúnasa.</b></p> <p><b>Chun go mbeidh ord agus eagar ar do CAO, déan cinnte de:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li><b>(i) Go bhfuil do chúrsaí liostaithe de réir do rogha.</b></li> <li><b>(ii) Go bhfuil ‘cúltaca’ maith réidh agat</b></li> </ul> <p>Tá sé <b>RÍTHÁBHACHTACH</b> go mbeidh d’iarratas CAO comhlánaithe go hiomlán agus go mbeidh do chúrsaí curtha isteach agat in ord tosaíochta. Ní féidir é seo a athrú tar éis 1 Iúil ag 17.15.</p> <p>Cuimhnigh, is féidir leat cúrsaí nua a chur isteach i do liosta CAO go dtí 1 Iúil, 2020 (seachas cúrsaí a bhfuil srianta ag gabháil leis an iarratas).</p> <p>Tarlóidh gach dáta CAO eile (m.sh. an chéad bhabhta tairiscintí) nuair a tharlódh na dátaí de ghnáth, a oiread agus is féidir.</p>
<p><b>Cinnteoireacht i mí Lúnasa</b></p>	<p><b>Is fearr na cinntí i mí Lúnasa a dhéanamh:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li><b>(i) Nuair a bheidh na gráid ríofa agus an tairiscint</b></li> </ul>

	<p style="text-align: center;"><b>ón CAO ar fáil do dhaltáí</b></p> <p><b>(ii) Tar éis iad a phlé le duine fásta atá ar an eolas agus a bhfuil muinín ag an dalta ann</b></p> <p>In aon bhliain ar bith, níl aon chinnteacht ann go dtabharfaidh torthaí na hArdteistiméireachta rochtain ar chúrsa CAO.</p> <p>Go minic, ar lá na dtorthaí, bíonn freagairt mar seo ag daltaí: “faraor, níl dóthain pointí agam chun mo chúrsa a dhéanamh.... cad a dhéanfaidh mé anois? Nó “íontach, tá deich bpointe sa bhreis agam ná mar a bhí ag teastáil do mo chúrsa. Cinnte go bhfaighidh mé mo chéad rogha.”</p> <p>Níl na ráitis seo fíor.... Ní féidir a rá go bhfaighidh nó nach bhfaighidh tú do rogha cúrsa CAO bunaithe ar na gráid a fhaigheann tú.</p> <p>Sna samplaí thuas, léiríonn na ráitis ó na daltaí go bhfuil míthuiscint ann maidir le conas a oibríonn an córas CAO.</p> <p>Aithríonn na pointí gach bliain agus ní bhíonn a fhios againn RIAMH cad iad na pointí a bheidh i gceist do do rogha cúrsa CAO.</p> <p>Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gur chóir cinntí a dhéanamh nuair a bheidh an dá rud agat – gráid na hArdteistiméireachta agus an tairiscint ón CAO.</p> <p>Ina theannta sin, nuair a bhfaighidh tú do ghráid ríofa agus do thairiscint ón CAO, beidh sé tábhachtach do roghanna a phlé le duine fásta <b>atá ar an eolas</b> i mí Lúnasa. Uaireanta tugann daoine dea-intinneacha comhairle gan lán tuiscint a bheith acu ar na córais éagsúla atá i gceist.</p>
<p><b>Próiseas Achomhairc</b></p>	<p><b>Má tá tú míshásta le ceann amháin nó níos mó de do ghráid ríofa, is féidir leat achomharc a dhéanamh.</b></p> <p>Tá míniú soiléir le fáil ar an bpróiseas achomhairc ag:</p> <p><a href="https://www.gov.ie/en/publication/2f07eb-leaving-cert-2020-information/">https://www.gov.ie/en/publication/2f07eb-leaving-cert-2020-information/</a></p> <p><b>(Féach C. 20. ar an suíomh gréasáin thuas: ‘An féidir liom achomharc a dhéanamh in aghaidh na nGrád Ríofa?’)</b></p>
<p><b>Deis Scrúduithe Scríofa na hArdteistiméireachta a shuí</b></p>	<p><b>Má tá tú míshásta leis an ngrád ríofa/toradh an phróisis achomhairc, beidh tú ábalta na scrúduithe ardteistiméireachta a shuí, mar a mhínítear anseo</b></p> <p><a href="https://www.gov.ie/en/publication/2f07eb-leaving-cert-2020-information/">https://www.gov.ie/en/publication/2f07eb-leaving-cert-2020-information/</a></p>

	<p>(Féach C. 20. ar an suíomh gréasáin thuas: ‘An féidir liom achomharc a dhéanamh in aghaidh na nGrád Ríofa?’)</p> <p><b>Má mheasann tú gur mhaith leat é seo a choimeád mar rogha gníomhach, b’fhéidir gur mhaith leat plean staidéir a chur le chéile do laethanta saoire an tsamhraidh.</b></p> <p>Faoi láthair, ní fios go beacht cén uair a bheidh tú ábalta na scrúduithe a shuí. Mar sin, tá sé an-tábhachtach go mbeidh plean staidéir inoibrithe i bhfeidhm agat.</p> <p>Beidh sé tábhachtach do mhachnamh a dhéanamh ar cad a oibreoidh duitse. Amchlár staidéir atá cothromaithe (lena n-áirítear sosanna agus am saor), cabhróidh sé sin leat do scíth a ligean tar éis bliana fada, agus coimeád suas chun dáta le hábhar cúrsa. B’fhéidir gur mhaith leat labhairt le do Threoirchomhairleoir faoin bplean seo.</p>
<p><b>An Ardteistiméireacht</b></p>	<p><b>Cuimhnigh go mbeidh an luach agus an stádas céanna ag an Ardteistiméireacht a bheidh agatsa agus mar a bhí sna blianta roimhe seo.</b></p> <p>Ciallaíonn sé seo go mbeidh rochtain agat amach anseo ar dheiseanna oideachais / fostaíochta leis an teastas seo, díreach mar atá ag aon bhliainghrúpa eile.</p> <p>Eiseofar torthaí na hArdteistiméireachta agus an teastas a bhaineann leo chomh gar agus is féidir do na dátaí a bhí pleanáilte ar dtús. <i>Dáta bunaidh: Dé Máirt 11 Lúnasa 2020</i></p>
<p><b>Bealach Rochtana ar Ardoideachas - HEAR / Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas - DARE</b></p>	<p><b>Tá na córais agus na próisis seo fós i bhfeidhm.</b></p> <p>Tá gach gné de na córais HEAR agus DARE i bhfeidhm i mbliana mar a bhí sna blianta roimhe seo.</p> <p>Le haghaidh tuilleadh eolais, féach:</p> <p><a href="https://accesscollege.ie/dare/">https://accesscollege.ie/dare/</a></p>
<p><b>SUSI (Iarratas ar Dheontas)</b></p>	<p><b>Má mheasann tú go bhféadfá cáiliú le haghaidh deontais, is féidir iarratas a chur isteach trí SUSI ag an suíomh gréasáin thíos.</b></p> <p><a href="https://susi.ie/">https://susi.ie/</a></p>

	<p>Tá rannán do Cheisteanna Coitianta ag an suíomh gréasáin seo le haghaidh ceisteanna a bhaineann le Covid19:</p> <p><a href="https://susi.ie/do-you-have-a-question-about-covid-19-and-student-grant-funding-check-out-our-covid-19-faq/">https://susi.ie/do-you-have-a-question-about-covid-19-and-student-grant-funding-check-out-our-covid-19-faq/</a></p>
<b>Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta - PLC</b>	<p><b>Coimeád súil ar na suíomhanna gréasáin ábhartha le haghaidh eolais maidir le hlarratais ar PLC agus tairiscintí.</b></p> <p>Tá an scéal leis na PLC ag athrú faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh an deis agat cur isteach ar chúrsa PLC mura bhfuil sé déanta agat go dtí seo. Le haghaidh an eolais is deireanaí, féach: <a href="https://www.fetchcourses.ie/">https://www.fetchcourses.ie/</a></p>
<b>Printíseachtaí</b>	<p><b>Tá an córas príníseachta i bhfeidhm agus táthar ag súil go mbeidh deiseanna ann chun iarratas a chur isteach, mar a bhí sna blianta roimhe seo.</b></p> <p>Le haghaidh an eolais is deireanaí, féach: <a href="http://www.apprenticeships.ie">www.apprenticeships.ie</a> <a href="http://www.solas.ie">www.solas.ie</a></p>
<b>Iarratas a chur isteach le haghaidh poist</b>	<p><b>Cuir cruth ar do CV agus ar do litir chumhdaigh. Seans go mbeidh sé úsáideach ‘snas’ a chur ar do scileanna agallaimh.</b></p> <p>Chun do ‘chroí a chur isteach ann’ agus tú ag cur iarrtais isteach le haghaidh poist, tá sé tábhachtach go mbeidh tú ullmhaithe go maith.</p> <p>Déan do CV agus do litir chumhdaigh a dhréachtú agus a athdhréachtú roimh an doiciméad a chur i gcrích. Iarr ar bhall teaghlaigh a bhfuil muinín agat iontu / duine fásta atá ar an eolas na doiciméid a léamh chun a chinntiú go bhfuil siad go maith.</p> <p>Nuair a bhíonn tú ag cur isteach ar phoist, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú imprisean maith. Le haghaidh tuilleadh eolais féach: <a href="https://www.ncge.ie/sites/default/files/20190826%20WSG-Applying-Jobs-Student-Resource-Sheet-EN.pdf">https://www.ncge.ie/sites/default/files/20190826%20WSG-Applying-Jobs-Student-Resource-Sheet-EN.pdf</a></p>
<b>Folláine</b>	<p><b>Tá an t-am agat anois chun do mhachnamh a dhéanamh ar conas a mhothaíonn tú faoi láthair. Tá sé tábhachtach smaoineamh faoi conas is fearr is féidir leat aire a thabhairt duit féin: cad iad na rudaí a dhéanann maitheas duit agus na hathruithe a d’fhéadfá a</b></p>

	<p><b>dhéanamh.</b></p> <p>Seo a leanas sainmhíniú ar an bhfolláine a chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil (2018):</p> <p><b>‘Is éard atá i gceist le folláine ná nuair a bhaineann daoine barr a chumais amach, nuair a bhíonn acmhainn acu ar strus, tugann siad aire dá gcuid sláinte choirp agus braitheann siad go bhfuil cuspóirí le baint amach acu, go bhfuil siad nasctha agus go mbaineann siad leis an bpobal i gcoitinne.’</b></p> <p>Má tá tú ag mothú go dona nó má tá tú buartha, d’fhéadfadh sé cabhrú leat labhairt le duine fásta atá freagrach agus a bhfuil muinín agat ann. Tá gníomhaireachtaí ann chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt duit má tá sé ag teastáil – féach an nasc thíos:</p> <p><a href="https://www.gov.ie/en/publication/256911-leaving-cert-2020-practical-supports/#other-supports">https://www.gov.ie/en/publication/256911-leaving-cert-2020-practical-supports/#other-supports</a></p>
<p><b>Cumarsáid leis an scoil</b></p>	<p><b>Beidh Treoirchomhairleoir na scoile ar fáil mar atá ráite thuas.</b></p>
<p><b>Cumarsáid leis an Ollscoil / Coláiste / Institiúid ar mian leat dul ann</b></p>	<p><b>Beidh a suíomh gréasáin féin ag gach ollscoil / coláiste / institiúid. Coimeád suas chun dáta leis an eolas is deireanaí agus déan an suíomh gréasáin a sheiceáil go rialta.</b></p> <p>Tá turais fhíorúla ag cuid acu mar aon le deiseanna eile do mhic léinn a bhfuil suim acu ag an am seo. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an ollscoil / coláiste / institiúid.</p>
<p><b>Iarratais chuig UCAS</b></p>	<p><b>Déan <a href="https://ucas.com">ucas.com</a> a sheiceáil ar bhonn rialta le haghaidh an eolais is deireanaí.</b></p> <p>Tá Rialtas na hÉireann i mbun cainteanna le tíortha eile agus d’iarr sé orthu a oiread solúbthachta agus is féidir a léiriú d’iarratasóirí. Tá athrú ag teacht ar chúrsaí, agus beidh faisnéis ar fáil in am agus i dtráth.</p>
<p><b>Iarratais chuig an Eoraip</b></p>	<p><b>Déan seiceáil, ar bhonn rialta, leis an institiúid a bhfuil iarratas curtha isteach agat chucu chun an t-eolas is deireanaí a fháil.</b></p> <p>Arís, tá Rialtas na hÉireann i mbun cainteanna le tíortha eile agus d’iarr sé orthu a oiread solúbthachta agus is féidir a léiriú d’iarratasóirí. Tá athrú ag teacht ar chúrsaí, agus beidh faisnéis ar fáil in am agus i dtráth. Tá sé curtha in iúl ag go leor coláistí Eorpacha go bhfuil siad fós ag glacadh le</p>

	<p>hiarratais, agus go mbeidh siad ar oscailt don chéad seimeastar eile ach go mbeidh siad ag rith amchlár a bheidh ar líne nó amchlár foghlaim chumaisc.</p> <p><a href="https://www.eunicas.ie/">https://www.eunicas.ie/</a></p>
<b>Iarratais chuig SAM</b>	<p><b>Déan seiceáil, ar bhonn rialta, leis an institiúid a bhfuil iarratas curtha isteach agat chucu chun an t-eolas is deireanaí a fháil.</b></p> <p>Arís, tá Rialtas na hÉireann i mbun cainteanna le tíortha eile agus d'iarr sé orthu a oiread solúbthachta agus is féidir a léiriú d'iarratasóirí. Tá athrú ag teacht ar chúrsaí, agus beidh faisnéis ar fáil in am agus i dtráth.</p>
<b>Iarratais don Leigheas in Éirinn – torthaí HPAT.</b>	<p><b>Bí ciallmhar i do chur chuige leis an CAO</b></p> <p>I mbliana beidh na torthaí HPAT á gcur ar ais chuig daltaí i Meitheamh – féach thíos.</p> <p><a href="https://hpat-ireland.acer.org/">https://hpat-ireland.acer.org/</a></p> <p>Tá sé tábhachtach cur chuige ciallmhar a ghlacadh leis an CAO agus gan aon athrú frithghníomhach a dhéanamh bunaithe ar na torthaí HPAT a gheobhaidh tú. Beag bean ar do thorthaí HPAT, moltar duit do CAO a chomhlánú (i) de réir do rogha, (ii) le 'cúltaca' maith. Go hidéalach, bheadh do CAO in ord agat roimh duit na torthaí HPAT a fháil.</p>
<b>Treoirchomhairleoireacht amach anseo</b>	<p>Beidh Treoirchomhairleoirí / Seirbhísí Gairme agus Tacaíochtaí ar fáil duit nuair a fhágfaidh tú an córas iar-bhunscoile. Mar shampla, beidh seirbhís ar fáil i gcoláistí tríú leibhéal agus in ollscoileanna. Tá Treoir ann freisin san earnáil Bhreiseoideachais agus Traenála trí sheirbhísí éagsúla cosúil le seirbhísí oideachais aosach agus ionaid traenála.</p>

**Lean ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile le haghaidh amlíne de dhátaí tábhachtacha.**

### **Amlíne de roinnt dátaí tábhachtacha do dhaltaí na 6ú bliana:**

**Cuimhnigh: d'fhéadfadh tuilleadh dátaí tábhachtacha a bheith ann le himeacht aimsire. Déan na suíomhanna oifigiúla a sheiceáil le haghaidh tuilleadh eolais.**

### Bealtaine:

- ✓ Cláraigh ar [gov.ie/leavingcertificate](http://gov.ie/leavingcertificate) idir 10am Dé Máirt, 26 Bealtaine agus 10pm Déardaoin, 28 Bealtaine. Caithfidh tú an leibhéal a bhí i geist agat na scrúdaithe a dhéanamh ins' gach ábhar a chinntiú. Beidh an rogha agat an leibhéal a chinntiú nó a athrú chuig leibhéal níos ísle.
- ✓ Téigh i dteagmháil le do Threoirchomhairleoir chun gach gné de do phlean, agus do phlean cúltaca a phlé
- ✓ Déan do mhachnamh faoi cad é mar a mhothaíonn tú faoi láthair. Cad is féidir leat a dhéanamh chun aire a thabhairt do do chuid folláine?
- ✓ Seans go roghnóidh roinnt daltaí plean a chur le chéile chun cur chuige cothromaithe a leanúint maidir leis an staidéar i rith an tsamhraidh.
- ✓ Déan na suíomhanna gréasáin go léir a bhaineann le hábhar agus atá oifigiúil a sheiceáil go rialta chun an t-eolas is deireanaí a fháil.

### Meitheamh:

- ✓ Gheobhaidh daltaí HPAT a gcuid torthaí ar ais: Beidh HPAT Éireann i dteagmháil leo.
- ✓ Déan na suíomhanna gréasáin go léir a bhaineann le hábhar agus atá oifigiúil a sheiceáil go rialta chun an t-eolas is deireanaí a fháil.
- ✓ Seans go roghnóidh roinnt daltaí leanúint orthu ag staidéar i rith an tsamhraidh. (Coimeád cur chuige cothromaithe, inoibrithe)
- ✓ Cuir iarratas isteach ar PLC má bhíonn na córais iarratais fós oscailte
- ✓ Eile: [.m.sh](mailto:.m.sh). bí ag obair ar mo CV

### Iúil:

- ✓ Dúnann an 'tAthrú Intinne' ar 1 Iúil.
- ✓ Déan na suíomhanna gréasáin go léir a bhaineann le hábhar /oifigiúla a sheiceáil go rialta.
- ✓ Seans go roghnóidh roinnt daltaí leanúint orthu ag staidéar i rith an tsamhraidh. (Coimeád cur chuige cothromaithe, inoibrithe)
- ✓ Cuir iarratas isteach ar PLC má bhíonn na córais iarratais fós oscailte
- ✓ Eile: [.m.sh](mailto:.m.sh). bí ag obair ar mo CV

### Lúnasa:

- ✓ Tairgfear Torthaí Ríofa do dhaltá chomh gar agus is féidir don 'ghnáthdáta'.
- ✓ Cuimhnigh: Moltar an **DÁ RUD** a bheith agat – do thorthaí ríofa **AGUS** do thairiscint ón CAO roimh cinntí a dhéanamh don chéad chéim eile, mar atá mínithe thuas.
- ✓ D'fhéadfadh sé cabhrú leat labhairt le duine fásta atá freagrach roimh cinneadh deiridh a dhéanamh.
- ✓ Osclaíonn na Scoileanna arís agus beidh Treoirchomhairleoirí ar fáil
- ✓ Seans go roghnóidh roinnt daltaí leanúint orthu ag staidéar i rith an tsamhraidh. (Coimeád cur chuige cothromaithe, inoibrithe)
- ✓ Cuir iarratas isteach ar PLC má bhíonn na córais iarratais fós oscailte
- ✓ Eile: [.m.sh](mailto:.m.sh). bí ag obair ar mo CV